Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Samhain 2023
(OR. en)

15970/23

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0196(COD)**

CODEC 2264
AGRI 743
PESTICIDE 63
SEMENCES 108
AGRILEG 308
ENV 1377
PHYTOSAN 117
PE 149

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115<br>- An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 20 go dtí an 23 Samhain 2023) |

## I. RÉAMHRÁ

An 15 Samhain 2023, thíolaic rapóirtéir Pharlaimint na hEorpa don togra thuasluaite, Sarah WIENER (na Glasaigh/SCE, AT), tuarascáil ina raibh 428 leasú (leasuithe 1-428) thar ceann an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI).

Ina theannta sin, chuir an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe (AGRI) 25 leasú síos (leasuithe 429-453), chuir an grúpa The Left 5 leasú síos (leasuithe 454-458), chuir Feisirí aonair 7 leasú síos (leasuithe 459-461 agus 685-687), chuir an grúpa ECR 12 leasú síos (leasuithe 462 agus 620-630), chuir grúpa PPE 157 leasú síos (leasuithe 463-619), chuir an grúpa ID 18 leasú síos (leasuithe 631-648), chuir grúpa S&D 11 leasú síos (leasuithe 649-659), agus chuir an grúpa Renew 25 leasú síos (leasuithe 660-684).

## II. VÓTÁIL

An 22 Samhain 2023, chaith Parlaimint na hEorpa vóta sa suí iomlánach chun diúltú don togra ón gCoimisiún.

I gcomhréir le Riail 59 de Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte, iarradh ar an gCoimisiún a thogra a tharraingt siar ansin.

Diúltaíodh don iarraidh a rinne an rapóirtéir ina dhiaidh sin, de bhun Riail 59 de Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte, an t-ábhar a tharchur ar ais chun an choiste fhreagraigh lena athbhreithniú.

Lean an Pharlaimint ar aghaidh ina dhiaidh sin lena rún reachtach a ghlacadh mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo.

**IARSCRÍBHINN**
**(22.11.2023)**

# Úsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 22 Samhain 2023 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 (COM(2022)0305 – C9-0207/2022 – 2022/0196(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0305),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0207/2022),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim réasúnaithe a thíolaic Parlaimint na Sualainne, faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 14 Nollaig 2022[1],

– ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 15 Márta 2023[2],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe agus ón gCoiste um Fhorbairt,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (A9-0339/2023),

1. ag diúltú don togra ón gCoimisiún;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún a thogra a tharraingt siar;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig

[1] IO C 100, 16.3.2023, lch. 137
[2] IO C 188, 30.5.2023, lch. 43.

an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.